Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021
(OR. en)

8831/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0233(COD)**

**CODEC 706**
**FISC 82**
**ECOFIN 449**
**CADREFIN 244**
**PE 49**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, 17 go 21 Bealtaine 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 19 Bealtaine 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 6116/1/21 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P9_TA(2021)0247

## Clár Fiscalis chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais 2021-2027 ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2021 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 (06116/1/2021 – C9-0179/2021 – 2018/0233(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06116/1/2021-C9/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[1],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0443),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0167/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire gur mór ag an bParlaimint an ráiteas ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo agus go raibh sé ríthábhachtach chun teacht ar chomhaontú críochnaitheach;

3. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

[1] IO C 62, 15.2.2019, lch. 118.
[2] IO C 158, 30.4.2021, lch. 459.

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

5. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Ráiteas ón gComhairle**

Tugann an Chomhairle dá haire gur mian leis an bParlaimint tuilleadh trédhearcachta a bhaint amach maidir le chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhraic i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. I gcomhthéacs chreat dlíthiúil na gConarthaí lena rialaítear an caidreamh idirinstitiúideach, aithníonn an Chomhairle an breisluach a bhaineann le malartuithe bliantúla tuairimí a thionól le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún maidir leis na ceachtanna atá foghlamtha ón gClár 'Fiscalis', i bhfianaise na dtuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún ar dhul chun cinn.